Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 29 Meitheamh 2026**
**(OR. en)**

**10473/26**

**LIMITE**

**CORLX 610**
**CFSP/PESC 894**
**RELEX 825**
**MAMA 152**
**MOG 126**
**CONOP 40**
**FIN 870**

PUBLIC

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) 2018/1542 a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne leathadh agus úsáid arm ceimiceach |

**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) 2018/1542 a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne leathadh agus úsáid arm ceimiceach**

PUBLIC

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2018/1542 ón gComhairle an 15 Deireadh Fómhair 2018 a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne leathadh agus úsáid arm ceimiceach[1], agus go háirithe Airteagal 12(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

---

[1] IO L 259, 16.10.2018, lch. 12, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1542/oj.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 15 Deireadh Fómhair 2018, ghlac an Chomhairle Rialachán (AE) 2018/1542.

(2) An 16 Feabhra 2024, d'fhógair údaráis na Rúise bás Alexei Navalny agus é faoi choinneáil i gcoilíneacht phionósach sa Rúis. Rinneadh ionchúiseamh agus gearradh príosúnacht ar Navalny ar chúiseanna polaitiúla agus rinneadh ionsaí nimhithe air roimhe sin lenar bhain néar-oibreán tocsaineach ón ngrúpa Novichok i mí Lúnasa 2020.

(3) Sa chomhthéacs sin, agus i bhfianaise imthosca bhás Alexei Navalny, láithreacht dheimhnithe eipeabaitidín i samplaí a tógadh uaidh tar éis a bháis agus i bhfianaise na conclúide gur rídhócha go raibh nimhiú le heipeabaitidín ina chúis lena bhás, ba cheart seisear a áireamh ar liosta na ndaoine nádúrtha agus dlítheanacha, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí atá faoi réir na mbeart sriantach a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/1542.

(4) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) 2018/1542 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

PUBLIC

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/1542 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh in/sa …, …

PUBLIC

<u>**IARSCRÍBHINN**</u>

PUBLIC

San Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/1544, faoin gceannteideal 'A. Daoine nádúrtha', cuirtear isteach na hiontrálacha seo a leanas:

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Forais le hainmniú | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| '26. | Igor Yuryevich BABKIN<br>(Игорь Юрьевич БАБКИН) | Inscne: fireann<br>Dáta breithe: 19.4.1978<br>Áit bhreithe: Réigiún Cherkasy, APSS (an Úcráin anois)<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>INN: 770170119783<br>Feidhm: ceann saotharlainne ag Signal Scientific Centrer (ar a dtugtar SC Signal freisin, INN 7718813855). | Is eolaí sa réimse míleata agus ceann saotharlainne ag Signal Scientific Centre (ar a dtugtar SC Signal freisin) é Igor Babkin.<br>D'oibrigh Babkin roimhe seo leis na struchtúir chosanta cheimiceacha, raideolaíocha agus bhitheolaíocha laistigh d'Aireacht Cosanta na Rúise, lena n-áirítear an 27ú Lárionad Eolaíochta agus an tAcadamh Míleata um Chosaint Raideolaíoch, Cheimiceach agus Bhitheolaíoch.<br>Bhí Babkin i gceannas ar ghrúpa taighdeoirí ag Signal Scientific Centre a rinne taighde agus a d'fhoilsigh ailt maidir le sintéis eipeabaitidín, a fuarthas in Alexei Navalny tar éis a bháis. Dá bhrí sin, tá baint aige le heipeabaitidín a fhorbairt mar arm ceimiceach.<br>Dá bhrí sin, tá baint ag Igor Babkin le hairm cheimiceacha a fhorbairt.<br>Ina theannta sin, tá baint aige le Artur Aleksandrovich Zhirov, atá ina Stiúrthóir ar SC Signal. | + |

\+ IO: cuir isteach, le do thoil, dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Forais le hainmniú | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 27. | Sergey Yevgenyevich GALAN<br>(Сергей Евгеньевич ГАЛАН) | Inscne: fireann<br>Dáta breithe: 13.6.1970<br>Áit bhreithe: Kramatorsk, APSS (an Úcráin anois)<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Feidhm: eolaí sinsearach ag Signal Scientific Centre (ar a dtugtar SC Signal freisin, INN 7718813855) | Is eolaí sinsearach é Sergey Galan sa réimse míleata atá ag obair ag Signal Scientific Centre (ar a dtugtar SC Signal freisin).<br>D'oibrigh Galan roimhe seo leis na struchtúir chosanta cheimiceacha, raideolaíocha agus bhitheolaíocha laistigh d'Aireacht Cosanta na Rúise, lena n-áirítear an 27ú Lárionad Eolaíochta, an Institiúid Stáit um an Mhíochaine Thurgnamhach agus an Institiúid Taighde um an bhFuaimíocht Fheidhmeach.<br>In éineacht le comhghleacaithe ag Signal Scientific Centre, rinne sé taighde agus d'fhoilsigh sé ailt maidir le sintéis eipeabaitidín, a fuarthas in Alexei Navalny tar éis a bháis. Dá bhrí sin, tá baint aige le heipeabaitidín a fhorbairt mar arm ceimiceach.<br>Dá bhrí sin, tá baint ag Sergey Galan le hairm cheimiceacha a fhorbairt.<br>Ina theannta sin, tá baint aige le Artur Aleksandrovich Zhirov, atá ina Stiúrthóir ar SC Signal. | + |

+ IO: cuir isteach, le do thoil, dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

PUBLIC

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Forais le hainmniú | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 28. | Irina Dmitriyevna DEREVYAGINA<br>(Ирина Дмитриевна ДЕРЕВЯГИНА) | Inscne: baineann<br>Dáta breithe: 24.3.1961<br>Náisiúntacht: RúiseachINN: 772815862404<br>Feidhm: anailísí taighde cheimicigh ag State Scientific Research Institute for Organic Chemistry and Technology (GosNIIOKhT) | Is anailísí taighde cheimicigh í Irina Derevyagina ag State Scientific Research Institute of Organic Chemistry and Technology na Rúise (GosNIIOKhT).<br>Scríobh sí dhá pháipéar taighde maidir le feidhmeanna cliniciúla eipeabaitidín agus an tástáil air, a fuarthas in Alexei Navalny tar éis a bháis. Dá bhrí sin, tá baint aici le heipeabaitidín a fhorbairt mar arm ceimiceach.<br>Dá bhrí sin, tá baint ag Irina Derevyagina le hairm cheimiceacha a fhorbairt. | + |

PUBLIC

[+] IO: cuir isteach, le do thoil, dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Forais le hainmniú | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 29. | Mikhail Vasilyevich GUTSALYUK<br>(Михаил Васильевич ГУЦАЛЮК) | Inscne: fireann<br>Dáta breithe: 2.3.1968<br>Náisiúntacht: RúiseachINN: 460501189420<br>Feidhm: coirnéal agus ceann na roinne chun obair eolaíochta a eagrú agus foireann eolaíochta agus oideolaíochta a ullmhú don Acadamh Míleata um Chosaint Raideolaíoch, Cheimiceach agus Bhitheolaíoch | Is coirnéal é Mikhail Gutsalyuk agus tá sé ina cheann ar an roinn chun obair eolaíochta a eagrú agus foireann eolaíochta agus oideolaíochta a ullmhú san Acadamh Míleata um Chosaint Raideolaíoch, Cheimiceach agus Bhitheolaíoch.<br>In éineacht le ceimiceoirí ó Signal Scientific Centre (ar a dtugtar SC Signal freisin), rinne sé taighde ar shintéis eipeabaitidín, a fuarthas in Alexei Navalny tar éis a bháis. Dá bhrí sin, tá baint aige le heipeabaitidín a fhorbairt mar arm ceimiceach.<br>Dá bhrí sin, tá baint ag Mikhail Gutsalyuk le hairm cheimiceacha a fhorbairt. Ina theannta sin, tá baint aige le Artur Aleksandrovich Zhirov, atá ina Stiúrthóir ar SC Signal. | + |

PUBLIC

+ IO: cuir isteach, le do thoil, dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Forais le hainmniú | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 30. | Olga Petrovna YUDINA<br>(Ольга Петровна ЮДИНА) | Inscne: baineann<br>Dáta breithe: 24.11.1986<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>INN: 462601484461<br>Feidhm: taighdeoir sinsearach ag Signal Scientific Centre (ar a dtugtar SC Signal freisin, INN 7718813855) | Is taighdeoir sinsearach í Olga Yudina ag Signal Scientific Centre (ar a dtugtar SC Signal freisin).<br>Faigheann sí tuarastal freisin ón Research Institute for Applied Acoustics (Institiúid Taighde um an bhFuaimíocht Fheidhmeach), a raibh baint aici le hábhair a sholáthar a d'fhéadfaí a úsáid chun oibreáin arm ceimiceach a tháirgeadh.<br>In éineacht le comhghleacaithe ag Signal Scientific Centre, rinne sí taighde agus d'fhoilsigh sí ailt maidir le sintéis eipeabaitidín, a fuarthas in Alexei Navalny tar éis a bháis. Dá bhrí sin, tá baint aici le heipeabaitidín a fhorbairt mar arm ceimiceach.<br>Dá bhrí sin, tá baint ag Olga Yudina le hairm cheimiceacha a fhorbairt.<br>Ina theannta sin, tá baint aici le Artur Aleksandrovich Zhirov, atá ina Stiúrthóir ar SC Signal. | + |

PUBLIC

+ IO: cuir isteach, le do thoil, dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Forais le hainmniú | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 31. | Aleksey Vadimovich AKSYONOV<br>(Алексей Вадимович АКСЕНОВ) | Inscne: fireann<br>Dáta breithe: 8.10.1978<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>INN: 366217317327<br>Feidhm: taighdeoir ag Signal Scientific Centre (ar a dtugtar SC Signal freisin, INN 7718813855) | Is taighdeoir é Aleksey Aksyonov ag Signal Scientific Centre (ar a dtugtar SC Signal freisin).<br>In éineacht le comhghleacaithe ag Signal Scientific Centre, rinne sé taighde agus d'fhoilsigh sé ailt maidir le sintéis eipeabaitidín, a fuarthas in Alexei Navalny tar éis a bháis. Dá bhrí sin, tá baint aige le heipeabaitidín a fhorbairt mar arm ceimiceach.<br>Dá bhrí sin, tá baint ag Aleksey Aksyonov le hairm cheimiceacha a fhorbairt. Ina theannta sin, tá baint aige le Artur Aleksandrovich Zhirov, atá ina Stiúrthóir ar SC Signal. | +'. |

PUBLIC

---

+ IO: cuir isteach, le do thoil, dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.